

# **Polasaí Meastóireachta**

## **Réasúnacht**

Tuigeann foireann na scoile an fíor-thábhacht atá le meastóireacht sa scoil. Ní mór don mheastóireacht a bheith leanúnach ionas go dtig leis an fhoireann pictiúr shoiléir a fháil ar dul chun cinn an pháiste faoi ár gcúram. Tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag gach múinteoir cad é atá cuimhnithe ag na páistí, na scileanna atá foghlamtha agus na coincheapanna atá tuiscint acu orthu. Cuireann sé seo ar chumas an mhúinteora rinnfheithimh a dhéanamh ar na rudaí atá ar siúil ag na páistí agus beidh sé mar threoir do chúrsaí pleanála sa todhchaí.

## **Meon na Scoile**

Déanann Scoil Oilibhéir Pluincéid, Rann na Feirsde sár-iarracht freastal ar deiseanna d'achan pháiste dul i bhfeabhas i gcúrsaí scoile. Déanann an scoil cinnte go bhfuil riachtanais fhoghlaim an pháiste buailte agus go bhfuil tuiscint ann go bhfuil freagra scoile iomlán ann le freastal ar na páistí seo.

## **Aidhmeanna**

Cuideoidh torthaí na meastóireachta leis na páistí a gcuid súilíochtaí a ardú. Ní mór do riachtanais an pháiste a bheith curtha i gcomparáid le saothar atá déanta cheanna féin agus le saothair páistí eile atá ina n-aois ghrúpa nó rang-grúpa féin.

Tabharfaidh ar gcuid meastóireacht eolas do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a bpáistí. Má tá buarthaí ar bith ag cur isteach orthu iad a thabhairt isteach ar an bpróiseas múinteoireachta.

Eagraíochta tacaíochta éagsúla a bhaineann le cúrsaí scoile a bheith curtha ar a n-eolas.

Le tacaíocht a thabhairt d'iarratais fá choinne uaireanta acmhainní, nó tacaíocht chúntóir Riachtanais Speisialta nuair atá muid ag dul i dteagmháil leis an S.E.N.O.

Le cur le ethos na scoile, cuirfidh an meastóireacht le foghlaim agus forbairt na bpáistí ag déanamh cinnte go bhfuil na páistí ag obair ar a gcumais iomlána.

- Le cur le foghlaim an pháiste.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas teagaisc.

- Go mbeidh data ar fáil ionas go dtig leis an scoil tomhais a dhéanamh ar an bhfoghlaim.
- Le cuidiú le tuismitheoirí agus páistí aitheantas a thabhairt ar a gcuid neartanna nó deacrachtaí agus conas iad a láimhseáil.
- Le cuidiú le múinteoirí agus a gcuid pleanáil fad is gearrthéarmach.
- Eagair agus ord a chur ar an mheastóireacht fríd an scoil uilig.

### **Cuspóirí na Meastóireachta**

1. Le cur leis an bpleanáil scoile agus go gclúdfar achan ngné de churaclam na scoile.
2. Sonraíocht a dhéanamh ar riachtanais foghlamtha na ndaltaí/grúpaí chomh maith leis na páistí ábalta.
3. Le cur le straitéisí na scoile conas deacrachtaí foghlaim a sheachaint.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus feabhas an pháiste.
5. Go mbeidh clárú déanta ar an bhforbairt seo.
6. Le cuidiú leis na múinteoirí a gcuid modhanna teagaisc a athrú ionas go dtig leo freastal níos fearr a dhéanamh ar pháistí go bhfuil deacrachtaí acu.
7. Le cuidiú le cumarsáide oscailte idir múinteoirí agus tuismitheoirí fá pháistí s'acu agus eolas a roinnt.
8. Le cuidiú leis na páistí meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre féin.
9. Tabharfaidh sé deis do na múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid modhanna teagaisc féin.

### **Modhanna Meastóireacht ar an Fhoghlaim**

- Féin mheastóireacht na bpáistí – Soilse tráchta.
- Breathnóireacht an mhúinteora.
- Samplaí d'obair na bpáistí. S.A.L.F sna bunranganna
- Tascanna déanta ag an múinteoir.
- Teisteanna seachtainiúil - Deachtú

Táblaí

Mata Meabhraigh

Rang 4 – 6 – sna habair – stair, tíreolaíocht, eolaíocht agus SPHE, Mata, Béarla, Gaeilge. Beidh clárú déanta ar na teisteanna seo agus curtha in iúl do pháistí agus tuismitheoirí.

## **Teisteanna Eile**

- Meastóireacht ar fhocal aithint i.e. sight vocab.
- Meastóireacht foneolaíochta.
- Mata le Chéile – Deireadh na míosa (Aoine deireanach)
- Trialacha Dhroim Chonrach.
- Obair Bhaile.

## **Teisteanna Caighdeánach**

- Trialacha Dhroim Chonradh Litriú (Rang 1 -6) Mí Dheireadh Fómhair.
  - Trialacha Dhroim Chonradh Mata (Naíonáin Mhóra – Rang 6) Mí an Mheitheamh
  - Trialacha a Dhroim Chonradh Gaeilge (Naíonáin Mhóra – Rang 6) Mí an Mhárta.
  - Trialacha a Dhroim Chonradh Early Literacy (Naíonáin Mhóra) Béarla (Rang 1 – 6) Mí an Mheitheamh
  - MIST (Naíonáin Mhóra) Mí Bealtaine
  - Belfield (Naíonáin Bheaga) Mí Bealtaine
- 
- Gheobhaidh an Príomhoide na teisteanna seo.
  - Beidh cuidiú ar fáil ón Múinteoir Tacaíocht Foghlama.
  - Beidh torthaí na teiste stóráilte i gcomhad san oifig agus cóipeanna déanta do na múinteoirí.
  - Bainfidh an scoil úsáid as na teisteanna seo chun cinneadh a dhéanamh cé a bheidh i dteideal tacaíocht bhreise ina gcuid foghlaim.

## **Scrúdú (Screening)**

Roghnú / Scrúdú fá choinne páistí i dteideal tacaíocht.

Tá an cur chuige le tacú le páistí le riachtanais speisialta, leagtha amach dúinn i gcioclán 02/05.

*MIST* (5ú téarma) – torthaí curtha in iúl do thuismitheoirí ag an chéad cruinniú thuismitheoirí.

### **Cláracha Idirghabhála**

Is gné fíor-thábhachtach é seo. Beidh muid ag díriú isteach ar na bunranganna le cuidiú ón múinteoir tacaíochta foghlama.

## **Meastóireacht Síceolaíochta**

Cé go bhfuil athrú mór tagtha ar an scéim NEPS, tá muid mar scoil lán sásta tacaíocht a ghlacadh ó Judith Kearney an síceolaí úr atá ag obair sa cheantar.

### **Aidhmeanna**

- Go mbeidh sé ar chumas na scoile an méid tairbhe is féidir a bhaint amach as cúrsaí oideachas agus an páiste sa scoil fríd scrúdú a dhéanamh chomh luath agus is féidir ar deacrachtaí an pháiste.
- Go mbeidh tacaíocht mar is gceart curtha ar fáil chomh luath agus is féidir.
- Go mbeidh meastóireacht éifeachtach déanta go hiomlán ar pháiste agus tuairisc déanta ar fhorbairt agus feabhas an pháiste.

### **Ról & Freagracht**

Ní mór d'achan múinteoir freagracht a ghlacadh i gcomhair leis an bpríomhoide go bhfuil tacaíocht curtha ar fáil do pháiste go bhfuil riachtanais foghlamtha acu chomh luath agus is féidir. Oibríonn an múinteoir tacaíocht foghlama le achan páiste atá mar thosaíocht i gcomhair leis an múinteoir ranga.

### **Modh Oibre**

- Is é príomhaidhme na scoile nó aitheantas a fháil ar deacrachtaí foghlamtha chomh luath agus is féidir. Déantar an MIST sa 3ú téarma i Naíonáin Mhóra.
- Is é breathnóireacht an mhúinteoir croí-lár don idirghabháil seo ag leibhéil na naíonáin.
- Má tá deacracht ar bith ó thaobh iompair de tugtha faoi deara ag an leibhéil seo, rachaidh an scoil i dteagmháil le tuismitheoir nó caomhnóir an pháiste ag moladh coinne dochtúra a eagrú chun meastóireacht iompair a chur i bhfeidhm.
- Rachaidh an oide ranga, an múinteoir tacaíochta foghlama agus an príomhoide i dteagmháil leis na tuismitheoirí
- Tá sé mar dhualgas ar an bpríomhoide foirm mheastóireachta a fháil agus a eagrú.
- Bainfidimid úsáid as an tuairisc mheastóireachta seo chun IEP a chur le chéile.
- Coinneoidh an scoil comhad ar achan pháiste a bhí faoi meastóireacht ag léiriú na moltaí maidir le tacaíocht breise. Beidh na tuairisc seo i gcomhad lárnach san oifig.
- Coinneoidh an scoil fianaise dóibh siúd atá ag fáil tacaíocht ag déanamh trácht ar an chineáil tacaíochta atá i gceist. Beidh fianaise ann fosta de na paistí a bhí i

dteideal tacaíocht ach diúltóidh iad. Beidh na tuairisc seo i gcomhad lárnach san oifig.

## **Idirghabháil luath**

Beidh idirghabháil luath bunaithe ar:

- (i) Breathnú an mhúinteora.
- (ii) Deacracht teanga.
- (iii) Tearc fheidhmíocht.
- (iv) Mí iompar nach bhfuil bainteach le aois an pháiste.

## **Modh Oibre**

- Nuair atá an páiste aitheanta, déanfaidh an scoil teagmháil leis na tuismitheoirí. Buailfidh an príomhoide, an múinteoir tacaíocht foghlama leis na tuismitheoirí lena gcuid moltaí agus a gcuid smaointe a phlé.
- Beidh foirmeacha mheastóireachta síceolaíocht oideachas tugtha do na tuismitheoirí bunaithe ar an bpróiseas meastóireachta scoile.
- Eagrófar cruinniú leis na tuismitheoirí, an oide rang, an múinteoirí tacaíochta agus an síceolaí.
- Beidh meastóireacht déanta nuair atá gach duine sásta gur theip ar an gcóras céime atá molta i gclárcláin 24/03 agus 02/05 freastal ar na deacrachtaí aitheanta.
- Beidh tuairisc rúnda curtha ar fáil de thorthaí na dtástálacha don scoil, don oide ranga, don múinteoir tacaíocht foghlama agus do na tuismitheoirí.
- Iarrann an príomhoide ar na seirbhísí tacaíochtaí a bheith curtha ar fáil agus déanfar cinnte go bhfuil siad curtha i bhfeidhm.

Beidh meastóireacht ar an modh oibre déanta:

- Trialacha rialta.
- Plé leis an múinteoir tacaíocht foghlama.
- Breathnóireacht an mhúinteora.
- Breathnóireacht an tuismitheora.
- Féin mheastóireacht an pháiste.

## **Clárú na dTorthaí**

- Tá seo ráite sa pholasáí cheanna féin.

## **Critéir Rathúlachta**

Beidh a fhios ag an scoil gur éirigh leis an pholasaí seo tríd:

- Roghnú, tacú agus ath-mheastóireacht ar pháiste go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu agus go bhfuil an tacaíocht ag obair go maith agus go héifeachtach. Tá sé soiléir cé atá freagrach as gnéithe airithe den phróiseas.
- Beidh eolas curtha ar fáil ó mhúinteoir go múinteoir ag tús agus ag deireadh na scoil bhliana agus caithfear próifílí na bpáistí a coinneáil suas chun dáta.
- Beidh monatóireacht rialta déanta ag an oide ranga ar dul chun cinn an pháiste. Beidh seo mar spreagadh ag an pháiste agus ag cur le éifeacht an phróiseas pleanála sa rang.

\*\* Mar pháirt den athbhreithniú seo (31ú Bealtaine 2017) agus leis an múnla úr S.E.N i bhfeidhm tuigeann an fhoireann go bhfuil an fhreagracht orainn mar scoil an tacaíocht cheart a dháileadh amach dos na páistí go bhfuil géarghá ann. Is an scoil a dhéanfaidh an cinneadh maidir le uaireanta tacaíochta a thabhairt do pháistí áirithe le comhairle an síceolaí, an múinteoir(í) tacaíochta agus an príomhoide. Tá ár gC.R.S mar acmhainn scoile agus is féidir í a úsáid le freastal ar riachtanais na bpáistí uilig.

